Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 18 Nollaig 2020
(OR. en)

14262/20
ADD 3

Comhad Idirinstitiúideach:
2020/0365 (COD)

PROCIV 105
JAI 1132
COSI 258
ENFOPOL 354
CT 121
COTER 120
ENER 512
TRANS 621
TELECOM 277
ATO 91
ECOFIN 1182
ENV 832
SAN 490
CHIMIE 69
RECH 539
DENLEG 90
RELEX 1037
HYBRID 49
CYBER 283
ESPACE 85

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 16 Nollaig 2020 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2020) 359 final |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2020) 359 final.

Faoi iamh: SWD(2020) 359 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 16.12.2020
SWD(2020) 359 final

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh**

**TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE maidir le hathléimneacht eintiteas criticiúil**

{COM(2020) 829 final} - {SEC(2020) 433 final} - {SWD(2020) 358 final}

| Bileog Achoimre Feidhmiúcháin |
|---|
| Measúnú tionchair ar bhearta breise le haghaidh Athléimneacht an Bhonneagair Chriticiúil (CWP 2020 item) |
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fáth? Cén fhadhb a bhfuiltear ag díriú uirthi?** |
| Maidir le seirbhísí fíor-riachtanacha a sholáthar trí úsáid a bhaint as bonneagair chriticiúla a thacaíonn le feidhmeanna sochaíocha nó gníomhaíochtaí eacnamaíocha san Aontas, ceanglaítear leis sin go soláthrófar na seirbhísí sin ar bhealach ar féidir brath air, is é sin le rá nach mór do na hoibreoirí ábhartha a bheith athléimneach i dtaca le rioscaí atá ann faoi láthair agus rioscaí ionchais a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo (amhail guaiseacha nádúrtha, gníomhaíochtaí hibrideacha, an sceimhlitheoireacht, teagmhais cos istigh, éigeandálaí sláinte poiblí agus timpistí). An creat Eorpach atá ann faoi láthair, níl sé oiriúnach dá fheidhm agus ní sheasfaidh sé an aimsir. In ainneoin na Treorach maidir le Bonneagar Criticiúla Eorpacha (ECI) 2008 agus bearta eile ar leibhéal an Aontais agus ar an leibhéal náisiúnta a rinneadh ó shin, ní i gcónaí a bhíonn sé d'acmhainn ag oibreoirí aghaidh a thabhairt ar bhonn leordhóthanach ar rioscaí a thagann as comhthéacs oibríochtúil atá ag dul i gcastacht ar feadh an ama arb é atá ann,*inter alia* timpeallacht riosca athraitheach agus idirspleáchais níos doimhne idir earnálacha. Baineann Treoir ECI, lena ndírítear ar chosaint acmhainní seachas athléimneacht oibreoirí, le líon beag bonneagar criticiúil Eorpach a bhfuil impleachtaí trasteorann in dhá earnáil ag baint leo (fuinneamh agus iompar). Ina theannta sin, ar an leibhéal náisiúnta is ann do chineálacha éagsúla cur chuige agus easnaimh a bhaineann le cumhdach earnála, critéir, measúnú riosca, malartú faisnéise, etc. Is é a thagann as sin bacainní ar fheidhmiú iomchuí an mhargaidh inmheánaigh, rud a chuireann isteach go suntasach ar chumas oibreoirí na seirbhísí lena mbaineann a sholáthar ar fud an Aontais ar bhealach ar féidir brath air agus gan bac ar bhonn srianta nach bhfuil údar leo. |
| **Cad leis a bhfuiltear ag súil ón tionscnamh seo?** |
| Is é cuspóir ginearálta an tionscnaimh soláthar leanúnach seirbhísí fíor-riachtanacha ar an margadh inmheánach a áirithiú trí fheabhas a chur ar athléimneacht oibreoirí bonneagair chriticiúil (dá ngairtear 'eintitis chriticiúla' sa togra) sna Ballstáit. Comhlíonfar an cuspóir ginearálta sin trí na cuspóirí sonracha seo a leanas a shaothrú:<br>• Tuiscint níos fearr a áirithiú ar rioscaí agus an idirthuilleamaíocht agus ar an modh chun aghaidh a thabhairt orthu;<br>• A áirithiú go sainaithneoidh údaráis na mBallstát gur eintiteas criticiúil gach eintiteas sna príomhearnálacha;<br>• A áirithiú go léireofar raon leathan gníomhaíochtaí a chuireann feabhas ar an athléimneacht i gcleachtas an bheartais phoiblí agus sa chleachtas oibríochtúil araon; agus,<br>• An acmhainneacht a neartú agus feabhas a chur ar an gcomhar agus ar an gcumarsáid idir páirtithe leasmhara. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá údar le hidirghabháil de chuid an Aontais de bhí gur rioscaí coiteanna iad roinnt de na rioscaí a mbíonn ar oibreoirí bonneagar criticiúil san Eoraip, a mbíonn ar oibreoirí bonneagar criticiúil san Eoraip aghaidh a thabhairt orthu, ar bonneagair iad atá ag éirí níos spleáiche ar a chéile ar feadh an ama', chomh maith le rialacha náisiúnta éagsúla a bhaineann leis an ábhar, rud a chuireann srian leis an gcumas atá ag oibreoirí a seirbhísí a chur ar fáil ar an margadh inmheánach. De bhrí gur soláthar trasnáisiúnta atá i soláthar seirbhísí criticiúla, d'fhéadfadh impleachtaí leathana Eorpacha a bheith ag suaitheadh áitiúil nach mbeifí ag súil leis go réasúnta go bhféadfaí é a mhaolú le gníomh náisiúnta agus leis sin amháin. Le cur chuige comhleanúnach maidir le bainistíocht uile-riosca ar fud an Aontais sa réimse seo, áiritheofaí go ndéanfadh na hoibreoirí ábhartha go léir bearta leordhóthanacha um fheabhas athléimneachta. D'áiritheofaí, dá réir sin, go soláthrófaí seirbhísí fíor-riachtanacha ar bhealach ar féidir brath níos fearr air, agus go gcuideofaí freisin le cothrom iomaíochta níos fearr sa mhargadh inmheánach. |

| **B. Réitigh** |
|---|
| **Cad iad na roghanna beartais reachtacha agus neamhreachtacha a breithníodh? An bhfuil** |

**rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Cén fáth?**

Cuireadh ceithre rogha beartais san áireamh.

Le **Rogha Beartais 1** beartaítear bearta neamhreachtacha deonacha chun cur chuige agus malartú faisnéise níos coitinne a spreagadh- mar chomhlánú le Treoir ECI atá ann cheana.

Is é atá i **Rogha Beartais 2** athbhreithniú ar Threoir ECI atá ann cheana chun an cumhdach earnála a ailíniú le cumhdach na Treorach maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise (NIS) atá ann cheana, agus na critéir roghnúcháin a bhaineann le hoibreoirí ECI agus na ceanglais atá orthu a bheachtú e.g. pleananna athléimneachta oibreoirí a choinneáil ar bun. Bheadh gá le ceangal ar na Ballstáit agus ar oibreoirí ECI ainmnithe araon measúnaithe riosca a dhéanamh.

San am céanna, baineann **Rogha Beartais 3** le hionstraim dlí um chreat uileghabhálach a chur in áit Threoir ECI atá ann cheana chun feabhas a chur ar athléimneacht eintiteas criticiúil i gceann amháin de na hearnálacha ar a laghad a chumhdaítear le Treoir ECI atá ann cheana agus le feabhas a chur ar fheidhmiú an mhargaidh inmheánaigh sa chomhthéacs sin. Bheadh mol eolais laistigh den Choimisiún ina thacaíocht ag an gcur chun feidhme. Bheadh ceangal ar na Ballstáit, ar bhonn measúnaithe riosca, eintitis chriticiúla a shainaithint a bheadh faoi réir ceanglais éagsúla a chuirfeadh feabhas ar an athléimneacht. Bheadh oibleagáid ar na Ballstáit agus ar eintitis chriticiúla araon measúnaithe riosca a dhéanamh. Chuirfí san áireamh nós imeachta um eintitis chriticiúla a bhfuil tábhacht Eorpach ar leith ag baint leo a shainaithint, mar aon le rialacha áirithe is infheidhme maidir leis na heintitis sin.

I **Rogha Beartais 4** tá na heilimintí go léir a leagtar amach i Rogha 3. De bhreis air sin, bheadh ról níos gníomhaí ag an gCoimisiún maidir le heintitis chriticiúla a ainmniú agus chruthófaí gníomhaireacht tiomnaithe AE um athléimneacht bonneagair chriticiúil.

Rinneadh breithniú ar thionchair agus luach ionchais gach rogha agus is í Rogha 3 rogha na tosaíochta, arbh é an toradh a bheadh léi creat athléimneachta níos cuimsithí lena gcuirfí san áireamh bearta de chuid an Aontais atá ann cheana agus sonraíochtaí náisiúnta.

**Cé a thacaíonn leis na roghanna éagsúla?**

Shíl líon teoranta Ballstát agus oibreoirí gur leordhóthanach an creat atá ann faoi láthair agus gurbh fhearr leo na bearta deonacha faoi Rogha 1. Maidir le Rogha 2, b'fhearr le Ballstát amháin díriú ar na Príomh-Bhonneagair Eorpacha san fhoirm ina bhfuil siad faoi láthair agus, san am céanna, bhí Ballstáit eile i bhfabhar athbhreithniú a dhéanamh ar an gcoincheap sin chun bonneagair a bhfuil gné uile-Eorpach shoiléir ag baint leo a chumhdach. Is fearr le formhór na mBallstát Rogha 3. Is le Roghanna 2 agus 3 is mó a thacaigh na hoibreoirí. As measc na roghanna go léir, ba í Rogha 4 an rogha ba lú a raibh glacadh léi ag na Ballstáit agus ag oibreoirí; fuarthas go raibh an rogha sin rósháiteach agus ró-dholúbtha, i.e. ní bheifí in ann sonraíochtaí a chur san áireamh.

## C. Tionchar na rogha tosaíochta

**Cé na buntáistí a bhaineann leis na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cé na buntáistí a bhaineann leis na príomhroghanna)?**

I bhfianaise an róil ríthábhachtaigh atá ag seirbhísí fíor-riachtanacha i saol shaoránaigh an Aontais agus i ngeilleagar an Aontais, bhainfeadh gníomhaithe sna hearnálacha eacnamaíocha go léir, lena n-áirítear fiontair bheaga, mheánmhéide agus mhórscála, tairbhe as athléimneacht fheabhsaithe oibreoirí. Maidir le hiarrachtaí ar leibhéal an Aontais seirbhísí fíor-riachtanacha a sheachadadh gan bhriseadh, bheadh éifeachtaí dearfacha aige sin ar ghnólachtaí aonair ach ní hé sin amháin, chuideodh sé freisin le feabhas a chur ar an gcobhsaíocht eacnamaíoch iomlán agus tuilleadh feabhais ar an gcaoi a mealltar infheisteoirí chuig margadh an Aontais.

Anuas ar an tionchar eacnamaíoch, as na bearta um fhorbairt athléimneachta atá i Rogha 3 thiocfadh gur lú an méid suaite a bheadh ann, go mbeadh dálaí oibre níos sábháilte agus gurbh fhearr a bheadh caighdeán saoil agus sláinte shaoránaigh an Aontais. Go deimhin, dá mhéid an feabhas a thiocfaidh ar sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha is ea is mó an dóchúlacht go rachaidh sé chun tairbhe eacnamaíoch, shóisialta, oideachasúil, ghairmiúil agus fóillíochta na saoránach. Ina theannta sin, maidir le hiarrachtaí a dhéanfaí chun minicíocht agus déine an tsuaite do sholáthar seirbhísí fíor-riachtanacha a laghdú, bheadh tionchar dearfach ag an méid sin ar an gcomhshaol a mhéid is go ráthófaí go mbainfí úsáid níos éifeachtúla as acmhainní agus go mbeadh na

| |
|---|
| pátrúin tomhaltais agus táirgthe san Aontas níos inbhuanaithe. |

**Cad iad costais na roghanna tosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Bhainfeadh na príomhchostais ar na Ballstáit le straitéisí náisiúnta a fhorbairt, measúnuithe riosca a dhéanamh, agus eintitis chriticiúla a shainaithint, chomh maith le maoirseacht agus forghníomhú. Mar sin féin, agus an méid sin á dhéanamh, bheadh údaráis inniúla in ann leas a bhaint as beartais agus próisis atá ann cheana, lena n-áirítear doiciméid straitéise, socruithe measúnaithe riosca, chomh maith leis an nós imeachta ainmniúcháin a sholáthraítear sa Treoir maidir le Slándáil Líonra agus Faisnéise, mar bhonn chun tacú leis an gcur chun feidhme, agus, ar an gcaoi sin, na costais fhoriomlána a theorannú. San am céanna, bhainfeadh na costais dhíreacha a thabhódh eintitis chriticiúla shainaitheanta le measúnuithe riosca ar leibhéal oibreora a dhéanamh, i gcás inar gá nó i gcás nach ndearnadh cheana iad, le bearta eagraíochtúla agus/nó teicniúla iomchuí a dhéanamh chun feabhas a chur ar athléimneacht oibreoirí, agus le teagmhais a thuarascáil do na húdaráis inniúla.

**Cén difear a dhéanfar do ghnólachtaí, do FBManna agus do mhicrifhiontair?**

As measc na n-oibreoirí a ndéanfadh na roghanna éagsúla difear dóibh, meastar nach ndéanfaí difear ach do líon beag FBManna. In earnálacha amhail iompar, fuinneamh agus uisce, cé gur dóchúla go hiondúil gur fiontair mhórscála a bhfuil na mílte fostaithe acu a d'ainmneofaí mar eintitis chriticiúla, d'fhéadfadh eintitis chriticiúla in earnálacha eile a bheith ar mhéid níos lú. Cuir i gcás, d'fhéadfadh sé go soláthródh FBmanna seirbhísí sonracha ardteicniúla ardspeisialaithe in earnáil na sláinte. Mar sin féin, d'fhéadfaí a rá go ndreasaítear FBManna sa chás sin ardleibhéal athléimneachta a áirithiú as a stuaim féin agus/nó go bhfuil siad faoi réir ceanglais náisiúnta agus/nó ar leibhéal an Aontais, agus, ar an gcaoi sin, go laghdófaí na costais bhreise a bhaineann le rogha na tosaíochta.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Beidh roinnt tionchar ar údaráis inniúla na mBallstát a thiocfaidh as oibleagáidí sonracha e.g. measúnaithe rialta ar rioscaí ar an leibhéal náisiúnta, straitéisí náisiúnta, agus bearta maoirseachta agus forghníomhaithe. Ina theannta sin, bheadh costais áirithe ag baint leis an ngá atá le tacaíocht bhreise a sholáthar d'oibreoirí a shainítear gur eintitis criticiúla iad i dtaca leis na hoibleagáidí a thiocfadh as an reachtaíocht a chomhlíonadh.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Neamhbhainteach

## D. Iarobair

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfar meastóireacht ar thionchar an ghnímh reachtaigh ceithre bliana tar éis an sprioc-ama le haghaidh cur chun feidhme an ghnímh reachtaigh lena áirithiú gurb ann do thréimhse sách fada chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtaí an tionscnaimh tar éis é a bheith curtha chun feidhme ar fud na mBallstát.